Treoirlínte faoi Bheartas um Úsáid Substaintí sa Scoil a Fhorbairt

Réamhrá

Cuireann an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 clár mion gníomhaíochta i láthair lena chur i gcrích ag Ranna agus ag Gníomhaireachtaí Rialtais chun mórfhadhb mhí-úsáid drugaí sa tsochaí a shárú. Aibhsíonn an straitéis an méid is féidir le scoileanna a dhéanamh i limistéar an oideachais agus agus an toirmisc agus iarrann sí orthu beartais um úsáid substaintí a bheith i bhfeidhm acu.

Is é an príomhchuspóir atá le beartas úsáide substaintí scoile ná leas, cúram agus cosaint a thabhairt do gach aon duine óg de réir an Achta Oideachais 1998 agus an Achta (Leas) Oideachais 2000. Ba chóir go dtabharfadh an beartas aghaidh ar oideachas alcóil, tobac agus drugaí mar aon leis an nós imeachta chun bainistíocht a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann leis na substaintí sin.

Tá na saincheisteanna a bhaineann le beartas úsáid substaintí scoile a dhearadh casta.. Ba chóir gur freagairt chomhtháite pobalbhunaithe a bheadh sa bheartas .Ba chóir an beartas a fhorbairt trí fheidhm a bhaint as na struchtúir chomhairleacha atá faoi láthair sa scoil agus ba chóir go dtógfaí iad ar an mbeartas scoile atá ann faoi láthair e. g. araíonacht, bulaíocht, OCG. Cé gur chóir go gcuimseodh beartas um úsáid substaintí i scoileanna, alcól, tobac agus drugaí, tharlódh go gcaithfí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúla eile faoi gach ceann de na ceannteidil seo.

Cén fáth ar gá beartas ar Úsáid Substaintí?

- Cuireann an saol atá ann faoi láthair líon mór dúshlán i láthair mac léinn a bhfuil tionchur acu ar a sláinte agus ar a leas. Is cuid den réaltacht sin alcól, tobac agus as drugaí bheith lena n-ais. Is gá do na scoileanna féin machnamh a dhéanamh ar chonas is féidir leo soláthar a dhéanamh do riachtanais a gcuid mac léinn agus conas freagairt go cuí do shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith íogair corraitheach.

- Forálann an tAcht Oideachais (1998) go mba chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh.

- Is beartas Rialtais anois an Straitéis Náisiúnta Drugaí 'Ag Tógáil ar an Taithí'[1] agus cuireann sé ar scoileanna beartas i leith úsáid substaintí a chur i bhfeidhm.

- Cuireann tuarascáil an Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí dar teideal 'Drug Use Prevention November 2001'[2] béim ar an tábhacht a bhaineann le beartais drugaí a bheith á bhforbairt ag scoileanna.

- An Tionscadal Suirbhé Scoileanna Eorpacha um Alcól agus Drugaí eile, 1999[3] ar Úsáid Alcóil agus Drugaí eile (ESPAD), d'aibhsigh sí chomh tromchúiseach is a bhí an fhadhb i measc mac léinn ar aois dóibh sé bliana déag in Eirinn i gcomparáid leis na 29 tír ESPAD sa suirbhé.

Cad is Beartas um Úsáid Substaintí ann agus conas a dhéantar é a fhorbairt?

Léiríonn beartas um úsáid ábhair i scríbhinn an creat ina ndéanann an comhphobal scoile iomlán bainistíocht air féin maidir le saincheisteanna ar úsáid substaintí. Ba chóir dó meon uathúil na scoile a léiriú agus ba chóir di féachaint le tuiscint a fhorbairt ar an téarma 'drugaí'

Moltar cur chuige comhpháirteach bunaithe ar rannpháirtíocht na 'scoile uile' chun an beartas a fhorbairt.. Baineann an beartas leis an gcomhphobal scoile uile lena n-áirítear múinteoirí, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí agus úsáideoirí an áitribh scoile. Moltar go láidir go n-oibreodh scoileanna laistigh den chomhphobal céanna i gcomhar le chéile ar fhorbairt beartais.

Is fearr is féidir an beartas a fhorbairt trí chur chuige céim ar chéim a chleachtadh mar a léirítear sna seacht gcéim thíos.

CÉIM 1: Lárchoiste a bhunú chun an beartas a fhorbairt

An dóigh ab fhearr leis na struchtúir le haghaidh beartais scoile um úsáid substaintí a Fhorbairt ná í bheith bunaithe ar na struchtúir sa scoil cheana féin le haghaidh dea-phleanála agus athrú curaclaim. Beidh bainistíocht, príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí / caomhnóirí, mic léinn, agus grúpaí ábhartha eile. Moltar go mbunófaí lárchoiste ar a mbeadh ionadaithe ag an gcomhphobal scoile uile chun an beartas a fhorbairt.

---

[1] www.gov.ie/tourism-sport
[2] www.nacd.ie.
[3] Úsaid alcóil agus drugai eile i measc mac léinn i 30 tír Eorpach

D'fhéadfadh go gcabhródh na ceisteanna seo a leanas chun feidhmiú an choiste a shoiléiriú:

- Cé a dhéanfaidh an coiste a thionól/a bheidh ina chathaoirleach?
- Cé a dhéanfaidh taifead ar obair an choiste?
- Cén chabhair a bheidh de dhíth ar an gcoiste agus cá háit ar féidir teacht uirthi?
- Conas a rachaidh an coiste i gcomhairle leis na dreamanna éagsúla sa chomhphobal scoile uile.
- An bhfuil ról ann do bhreis ionadaíochta ó ghníomhaireacht comhphobalbhunaithe (e.g. Gardaí, tascfhórsa áitiúil drugaí, seirbhísí óige nó comhphobail)?

CÉIM 2: Déan staidéar ar cháipéisí agus reachtaíocht chuí

Le blianta anuas rinneadh forbairt ar mhórchuid ábhar a bhaineann le hoideachas ar úsáid substaintí. Ina measc sin tá:

- An Clár Walk Tall – clár Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte chun cosc a chur le Mí-úsáidh Substaintí – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – Curaclam na Bunscoile agus treoirlínte do Mhúinteoirí – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / CNCM (1999)

- Treoirlínte agus Nósanna Imeachta le haghaidh Bunscoileanna – maidir le Páistí a Chosaint An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001)

- Leabhrán faisnéise um Chosc ar Mhí-úsáid Substaintí ag tabhairt achoimre ar chur i láthair ilchéimeach do Bhoird Bhainistíochta, do Mhúinteoirí, do Thuismitheoirí agus d'Oideachasóirí eile – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1997

- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – Curaclam na Bunscoile: Treoirlínte d'Oidí – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / CNCM (1999)

- "On My Own Two Feet" – Ábhair Acmhainní Oideachasúla don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- Curaclam Iarbhunoideachais agus Treoirlínte do Mhúinteoirí don Teastas Sóisearach ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / CNCM (2000)

- "Directory of Alcohol, Drugs and related services in the Republic of Ireland" : – An tAonad um Thionscnamh Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanaí .

- "Facts about drug abuse in Ireland" (a chur le chéile ag Dr Des Corrigan) - á fhoilsiú tar éis athcheartú i Mhean Fhomhair 2002 - An tAonad um Thionscnamh Sláinte, An Roinn Sláinte agus Leanaí .

Tá fáil, freisin, ar fhaisnéis acmhainne ar an idirlíon ag an seoladh um láithreán gréasáin:
www.sphe.ie

Is féidir le scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Thionscnamh Sláinte sa Bhord Sláinte Réigiúnach le haghaidh ábhair acmhainne tacaíochta a fháil ar úsáid substaintí.

Ba chóir reachtaíocht a bhaineann le mí-úsáid ábhair a chur san áireamh, freisin. Is casta iad na dlithe a bhaineann le drugaí. Moltar do scoileanna a bheith réamhghníomhach chun caidreamh oibre a fhorbairt leis na Gardaí áitiúla a beidh in ann mionsonraí sa bhreis a thabhairt ar na dlithe a bhaineann le drugaí. Is iad na dlithe is ábhartha do scoileanna ná na hAchtanna um Mhí-Úsáid Drugaí 1977 agus 1984. Ar na coireanna faoi na hachtanna sin, áirítear seilbh ar intinn a sholáthar agus seilbh ar intinn féinúsáide. Tá dlithe eile ann a bhaineann le tobac, le halcól, le tuaslagóirí agus le cógais nach mór a chur san áireamh agus an beartas á fhorbairt.

CÉIM 3: Athbhreithniú ar an staid faoi láthair sa scoil maidir le saincheisteanna beartais ar úsáid substaintí

Ar na gnéithe a bhaineann leis an staid reatha, áirítear, mar ghnéithe d'fhéadfadh a bheith úsáideach, iad seo a leanas:

a) Soláthar faoi láthair maidir le hoideachas ar alcól, ar thobac agus ar dhrugaí

> Is féidir go mbeadh sé úsáideach, eolas a bheith ar fáil ar cad tá ar siúl cheana féin sa scoil, maidir le hoideachas ar úsáid ábhair, chun na soláthairtí, gur chóir a scríobh isteach i mbeartas na scoile maidir le húsáid substaintí, a aibhsiú.

- Conas a dhéantar oideachas ar alcól, ar thobac agus ar dhrugaí a sholáthar sa scoil faoi láthair? An ndéantar é a sholáthar trí chláracha ar leith, trí ábhair scoile atá ann faoi láthair nó trí thionscadail ar leith, etc.? An ndéantar freastal ar na daltaí uile sa scoil?
- An bhfuil OSPS ar churaclam na scoile?
- An bhfuil cuid den OSPS gafa le hoideachas ar dhrugaí?
- An ndéanann cainteoirí, ar cuairt, an t-oideachas ar dhrugaí a láidriú i gcomhthéacs timpeallacht scoile a thugann tacaíocht dá leithéid?
- Cad iad na critéir a bhaineann le cuireadh a thabhairt do chuairteoirí agus cé a dhéanann monatóireacht ar a mbíonn le rá acu?
- An bhfuil obair thionscadail na mac léinn ar úsáid ábhair iomchuí, faoi fheitheoireacht agus faoi mhonatóireacht?

- An dtugann timpeallacht uile na scoile tacaíocht don bheartas ar úsáid substaintí?

b) Beartais scoile mar atá ann faoi láthair (e.g. an plean scoile, an cód iompair etc.).

Is féidir go bhfuil soláthar atá ábhartha d'úsáid substaintí sna beartais scoile atá ann cheana féin.

- An bhfuil beartas ag an scoil maidir le caitheamh tobac, nó an ndéantar déileáil leis an cheist i gcomhthéacs beartas eile sa scoil?
- An bhfuil beartas ag an scoil maidir le halcól nó an ndéantar déileáil leis an cheist i gcomhthéacs beartas eile sa scoil?
- An bhfuil beartas ag an scoil maidir le drugaí nó an ndéantar déileáil leis an gceist i gcomhthéacs beartas eile sa scoil?
- An bhfuil beartas ag an scoil maidir le cógais a úsáid agus a stóráil?
- Conus a chaitear le h eachtraí a bhaineann le halcól, le tobac agus le drugaí faoi láthair i gCód Iompar na scoile nó laistigh den Phlean Scoile?
- An bhfuil ráiteas ag an scoil maidir le sláinte agus slándáil?

c) An tuiscint atá ann faoi láthair maidir le halcól, tobac agus úsáid drugaí

Is féidir go mbeadh sé áisiúil an tuiscint mar aon leis an eolas agus an dearcadh atá sa chomhphobal scoile faoi láthair, maidir le húsáid substaintí, a chur san áireamh.

- Cad é an tuiscint atá againn ar ‘dhrugaí’?

  Mar shampla:

  ‘Is é is druga ann ceimiceán ar bith a athraíonn an chaoi a n-oibríonn an corp agus conas mar a iompraíonn an duine é féin mar aon lena cuid mothúchán’.

- An bhfuilimid eolach faoin leibhéal agus an raon ina bhfuil drugaí ar fáil sa gharchomhphobal agus sa gharthimpeallacht scoile? Mura bhfuil, an bhfuilimid in ann an t-eolas sin a bhailiú le cabhair na nGardaí nó an Bhoird Sláinte nó ghrúpa reachtúil nó deonaigh? An bhfuil caidreamh againn leis na grúpaí sin faoi láthair?
- Cad í tuairim na foirne maidir leis an gcur chuige reatha i gcás úsáid substaintí?

An fhaisnéis atá bailithe sna Céimeanna 2 agus 3, cabhróidh sí leis an lárchoiste ábhar an dréachtráitis dúnghaoise a chinneadh.

CÉIM 4: Dréachtráiteas dúnghaoise a ullmhú

a) Plean Beartais

Soláthraíonn an Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile an plean foriomlán le haghaidh fhorbairt beartais i scoileanna. D'fhéadfaí an creat a leanas a fheidhmiú agus an dréachtráiteas beartais á dhréachtadh

- **Teideal an Bheartais**

  Ainmnigh an tsaincheist nó an ghné de shaol na scoile lena mbaineann an beartas. Sa chás seo d'fhéadfadh an teiudeal a bheith "Dúnghaois um Úsáid Substaintí"

- **Réimse**

  Cé leis a mbaineann an beartas – mic léinn, múinteoirí, tuismitheoirí, úsáideoirí áitreabh na scoile. Baineann sí le ham scoile (sosanna san áireamh) mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil, ……?

- **An Bhaint le Misean / le Fís / le hAidhmeanna na Scoile**

  Bíodh baint ag an mbeartas le fealsúnacht agus le saintréithe (meon) na scoile [Féach leathanach 8 thíos, le haghaidh tuilleadh cabhrach]

- **Réasúnaíocht**

  Cén fáth go bhfuil an beartas seo riachtanach?[Féach leathanach 1, thuas – Cén fáth beartas ar Úsáid Substaintí]

- **Spriocanna / Cuspóirí**

  Go beacht, cad tá i gceist ag an mbeartas a bhaint amach?

- **Ábhar an Bheartais**

  Luaigh ábhar an bheartais agus cuir nós imeachta na scoile, i dtaobh an achair bheartais seo, in iúl. [Féach leathanach 8, thíos, le haghaidh tuilleadh cabhrach maidir leis an ábhar a roinnt i dtrí mhír] Bíodh treoirlínte ginearálta in ábhar an bheartais. Ba chóir go leanfaí an beartas le mionchlár feidhmithe.

- **Róil agus Freagrachtaí**

  Cad iad na freagrachtaí atá ag na páirtithe éagsúla sa chomhphobal scoile i bhforbairt, i gcur i gcrích agus i luacháil an bheartais seo?

- **Na Critéir Rathúlachta**

Cad iad na táscairí a mbainfear feidhm astu chun éifeachtúlacht an bheartais a thomhas?

- **Nósanna Imeachta Monatóireachta**

Cé a dhéanfaidh agus cathain a dhéanfar iniúchadh chun a fháil amach conas mar atá an beartas ag obair?

- **Nósanna Imeachta Athbhreithnithe**

Cé a dhéanfaidh agus cathain a dhéanfar iniúchadh chun éifeachtacht an bheartais a luacháil agus chun a fháil amch cad iad na hathruithe, más ann dóibh, is gá a chur i bhfeidhm?

- **Cabhail Ama**

Cathain a dhéanfar an beartas comhlánaithe a scaipeadh, cathain a bheidh sé i bhfeidhm, cathain a dhéanfar athbhreithniú air?

- **Clár maidir le Cur i bhFeidhm**

Cad iad na mion-nósanna imeachta is gá chun forálacha an bheartais seo a chur i gcrích? Cé a dhéanfaidh na nósanna imeachta a dhréachtadh? Cathain? Conas a dhéanfar na mionsonraí a scaipeadh chuig na daoine leasmhara? Cé a chuirfidh na nósanna imeachta i bhfeidhm nuair a bheidh siad réidh?

b) Leideanna mar chabhair i bhfeidhmiú an Chreat Bheartais

- An bhaint atá aice le Misean / le Fís / le Cuspóirí na scoile

- An ndearnadh tuiscint ar mheon uathúl na scoile a fhorbairt agus an bhfuil na páirtithe sa chomhphobal scoile ar aon fhocal faoi?
  Mar shampla
  ‘Tiomnaithe do churam an chomhphobail scoile uilé
  ‘Soláthraítear timpeallacht shlán shábháilte don fhoghlaim’
  ‘Tacaíocht dóibh siúd go bhful deacrachtaí acu’
  ‘Iarracht ar na páirththe a bheith gafa sa phróiseas oideachais’

- Conas mar a dhéanann / mar a d’fhéadfadh an beartas um úsáid substaintí freagairt do mheon uathúil na scoile?

- **Ábhar an Bheartais**

Is féidir go mbeadh sé áisiúil an t-ábhar beartais a roinnt i dtrí mhír:

i. Oideachas maidir le húsáid substaintí

ii. Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí
iii. Soláthar le haghaidh oiliúna agus fhorbairt foirne

i. Oideachas maidir le húsáid substaintí

Beidh tionchar níos mó ag oideachas ar alcól, tobac agus drugaí má sholáthraítear é sa chomhthéacs níos leithne atá ar fáil sa Chlár um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) atá infhorbartha agus a dhéantar a sheachadadh i gcomhthéacs thimpeallacht scoile uile a thugann tacaíocht dó.

- Conas is féidir oideachas maidir le húsáid substaintí a sholáthar laistigh den chomhthéacs leathan an OSPS – trí mhodúil nó chláracha ar leith, trí ábhair scoile atá ann faoi láthair, trí thionscadail ar leith …….?
- Cad iad na tosca faoi deara ábhar agus modhanna a roghnú?
- Cad é an cur chuighe maidir le comhordú, la gafacht múinteoirí agus le dáileadh ama?
- Cad iad na tosca eile nach mór a chur san áireamh?

Is féidir go mbeadh sé iomchuí feidhm a bhaint as cuairteoir /cainteoir seachtrach chun an obair ranga a láidriú i gcomhthéacs iomláine an chláir OSPS agus ba chóir é a dhéanamh agus an múinteoir i láthair.

ii. <u>Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí</u>

Ar na heachtraí a bhaineann le halcól, le tobac agus le húsáid drugaí d'fhéadfaí a áireamh:

- Úsáid nó amhras faoi úsáid alcóil, drugaí agus tobac in áitreabh na scoile nó le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil
- Iompar neamhghnáthach nó meisce
- An úsáid a nochtadh
- Na hábhair sin nó na gnéithe a bhaineann leo a aimsiú
- Seilbhh nó soláthar san áitreabh scoile nó le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil
- Eachtraí eile.

Ba chóir don scoil gníomhú nuair a tharlaíonn eachtraí a bhaineann le halcól, le tobac agus le drugaí i modh pleanáilte meáite. I gcásanna ar leith is feidir go mbeadh moladh dlithiúla de dhíth. Ní mór a bheith aireach nuair a dhéantar an chothromaíocht idir freagairt tréadach agus smachta a chinneadh. Is féidir go mbeadh tarchur chuig áisínteacht tacaíochta i gceist mar fhreagra tréadach ar eachtra a bhainfeadh le húsáid alcóil, tobac nó drugaí. Ba chóir go gcuirfí i gcéillgo láidir gur féidir go mbeadh an toradh seo ar an díbirt dheireanach, sé sin go gcearrfaí an mac léinn ó fhoinsí príomhshrutha cabhrach agus go leanfadh sé/sí ar an gcultúir mí-úsáide drugaí. Sa chás go mbeadh tacaíocht ag teastáil ó bhall foirne, d'fhéadfadh scoileanna nasc a dhéanamh leis an Scéim um Chabhrú Fostóra.

Ba chóir go gcuirfeadh an beartas scoile in iúl do na múinteoirí na gnéithe maidir le coimeád faoi rún agus iad a chur in eolas faoi nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú. Ba chóir go mbeadh soiléiriú inti, freisin, maidir le nós imeachta comhaontaithe chun tuismitheoirí / caomhnóirí a bheith gafa sa ghnó, maidir le caidreamh le Gardaí agus maidir le freagairt don mheáin.

- Cad iad na suímh agus na hionaid is mó ina mbeidh daoine óga i mbaol de bharr úsáid drugaí?
- Conus a phléitear le heachtraí a bhaineann le halcól, le tobac agus le drugaí i gcód iompair na scoile?
- An bhfuil an tuiscint chéanna ar 'eachtraí a bhaineann le drugaí' ag gach duine sa scoil?
- Cad é an nós imeachta a chleachtar maidir lena leithéid d'eachtraí a thuairisciú?
- Conus a bheidh tuismitheoirí gafa in eachtraí a bhainfidh lena bpáistí féin?
- Cad é ról an Bhoird Bhainistíochta / na nIontaobhaithe?
- Conus a bheidh tuismitheoirí gafa in eachtraí a bhainfidh le gearáin i leith dalta eile?
- An bhfuil nósanna imeachta ann maidir le heachtraí ina mbeadh cóir leighis i gceist e. g. an bhfuil daoine ar fáil atá cáilithe sa Gharchabhair?
- Cathain ags cén chaoi a mbeidh na Gardaí gafa in 'eachtraí a bhaineann le drugaí'. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh caidreamh idir an scoil agus na Gardaí áitiúla a spreagfadh bealach a bheadh réamhghníomhach seachas frithghníomhach?
- Cad iad na gníomhaireachtaí tacaíochta atá ar fáil ag an leibhéal áitiúil le haghaidh na mac léinn a bheadh gafa i mí-úsaid ábhair?
- Cad é an moladh a thugtar don chomhphobal scoile maidir le freagairt do na meáin?
- Cé hé an duine sa scoil a bheidh freagrach as déileáil leis na meáin.
- An bhfuil meicníochtaí sásúla ann chun a chur i gcumas scoileanna iniúchadh a dhéanamh ar eachtraí a tharla?
- Aon cheisteanna eile?

iii <u>Soláthar d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Foirne</u>

Chun go mbeadh beartas éifeachtach, ní mór í a thacú tríd an mBord Bainistíochta agus ag na hIontaobhaithe Scoile gealltanas rialta a thabhairt don oiliúint agus don fhorbairt foirne. Faoi láthair faigheann scoileanna iarbhunoideachais ina leithéid de ghnó cúnamh ón tSeirbhís Tacaíochta OSPOS (Iarbhunoideachas) agus ag mBunleibhéal ón gClár Tacaíochta Curaclaim Bunscoile agus Walk Tall (le haghaidh bunscoileanna sa cheantar tascfhórsa drugaí Áitiúil). Soláthraíonn na Boird Sláinte, freisin, raon leathan tacaíochta do scoileanna lena n-áirítear Oideachas Sláinte agus Forbairt Sláinte, Tacaiocht maidir le Cosc ar Chaitheamh Tobac mar aon le Seirbhísí Comhairleacha don Óganta.

- An bhfuil an tuiscint chéanna ag an bhfoireann maidir le ranníocaíocht an chláir OSPS chun cosc a chur le mí-úsáid substaintí?
- An bhfuil gach aon bhall den fhoireann feasach faoin ranníocaíocht is féidir leo a dhéanamh san ábhar a bheadh idir lámha acu i scoileanna dara leibhéal agus ina gcuid ranganna i mBunscoileanna, chun cosc a chur le mí-úsáid substaintí (e.g. trí rang-imshaol tacaíochta a fhorbairt)?
- An bhfuil gach aon bhall den fhoireann eolach agus íogair go leor faoi na comharthaí a bhaineann le mí-úsáid substaintí?
- An bhfuil gach aon bhall den fhoireann feasach go leor faoi na dlithe a bhaineann le halcól, le tobac agus le húsáid drugaí agus an bhaint idir na dlithe sin agus iad féin, an scoil agus na mic léinn?
- Cad iad na riachtanais oiliúna sa bhreis atá de dhíth maidir leis an beartas a chur i gcrích?
- Cá bhfuil oiliúint ar fáil?
- Conas a thabharfar mioneolas don fhoireann nua, ach go háirithe, ar an mbeartas choisc maidir le húsáid ábhair sa scoil?
- Conas a dhéanfar oideachas tuismitheoirí ar OSPS mar aon le fadhbanna maidir le mí-úsáid ábhair a fhorbairt sa chomhphobal scoile?
- Ceisteanna eile?

CÉIM 5: Déan an dréachtbheartas a phoibliú, a choigeartú/leasú agus a chríochnú

Ba chóir an dréachtbheartas a scaipeadh chomh forleathan agus is féidir chun tuairimí tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, mic léinn agus bainistíochta a fháil. Ba chóir iarracht ar leith a dhéanamh na tuismitheoirí agus na daltaí sin ar deacair teacht orthu de ghnáth a thabhairt isteach san obair. Ba chóir go gcuirfí an t-aischothú ón bpróiseas sin a chur san áireamh in athbhreithniú an dréachtbheartais.

CÉIM 6: Daingnigh, an beartas, scaip é agus cuir i bhfeidhm é

Chomh luath is a bhíonn glactha ag an mBord Bainistíochta leis an leagan críochnaithe den bheartas bíonn sé ina Bheartas Úsáid Substaintí aontaithe ag an scoil .Ba chóir an beartas a scaipeadh timpeall chun a dheimhniú go mbeidh gach aon duine sa chomhphobal scoile eolach faoin a bhfuil inti. Caithfidh an fhoireann uile bheith eolach ar an mbeartas agus bheith toilteanach é a chur i bhfeidhm de réir an Chláir Fheidhmithe. Is den tábhacht é go bhfuil gach duine ar an eolas maidir le haon athruithe atá le tuiscint sa churaclam, i rialacha scoile, I smachtbhannaí agus sa chód araíonachta. Ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoina bhfuil á dhéanamh sa scoil i dtaca le beartas úsáid substaintí ón uair a gcuirtear an dalta ra na rollaí. Moltar iarraidh ar thuismitheoirí agus ar mhic léinn (thar 18 bliain d'aois) ráiteas a shíniú go bhfuil an beartas léite acu agus go bhfuil sé de cheangal orthu.

CÉIM 7: Déan monatóireacht, athbhreithniú agus luacháil ar an mbeartas

Ba chóir an beartas a athbhreithniú ar bhonn rialta. Go praiticiúil, d'fhéadfadh an lárchoiste an ghné sin a chomhordú i gcomhairle leis an gcomhphobal scoile ginearálta.

Agus an t-athbhreithniú rialta mar aon leis an luacháil ar siúl, ba chóir go gcuirfí san áireamh an fhaisnéis agus ar reachtaíocht, forbairtí sa chlár scoile a bhíonn ag athrú mar aon le haiseolas ó thuismitheoirí / ó chaomhnóirí, ó mhúinteoirí agus ó mhic léinn. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an mbeartas de réir mar is gá i láthair athbhreithnithe agus luachála mar sin agus laistigh den chreat um phleanáil scoile.